



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

CLÁR 2020

Foirm Iarratais

Beart 2: Áiteanna Áineasa Pobail

Seol d'iarratas comhlánaithe ar aghaidh mar a leanas le do thoil:

Chuig: Comhairle Chontae na Gaillimhe ar ríomhphost: clar@galwaycoco.ie

Dé Luain an 13 Iúil 2020 ag Meán Oíche

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith le d'iarratas:

1. Foirm Iarratais atá comhlánaithe go hiomlán - tá seans ann nach mbreithneofar iarratais neamhiomlána.
2. Ráiteas Cuntais Bainc nó Comhair Creidmheasa cothrom le dáta mar fhianaise ar mhaoiniú meaitseála.
3. Cruthúnas ar Úinéireacht/Teidlíocht má tá aon chuid den obair le déanamh ar thalamh faoi úinéireacht phríobháideach.
4. Cruthúnas ar Chead Pleanála nó aon cheadú eile atá de dhíth.
5. Briseadh síos ar Chostais Mheasta Iomlána an Tionscadail.

Faisnéis an Iarratasóra:

Ainm na hEagraíochta / an Ghrúpa atá ag déanamh Iarratais:	
Ainm an Tionscadail:	
Duine Teagmhála:	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	
Seoladh Ríomhphoist le haghaidh Comhfhreagrais:	
Uimh. Theileafóin le haghaidh Comhfhreagrais:	

Suíomh i Limistéar Clár:

Láthair/Seoladh na n-oibreacha atá beartaithe:	
Comhordanáidí GPS nó Éirchód Shuíomh na n-oibreacha:	
Ainm DED & Líon láithreach na nOibreacha:	

Eolas faoin Tionscadal:

Breithneofar faoi CLÁR 2020 tacaíocht d'fheabhas a chur ar Áiteanna Áineasa Pobail atá ann cheana féin agus/nó chun Áiteanna Áineasa Pobail inrochtana nua a fhorbairt, áit ar féidir le daoine bualadh le chéile taobh amuigh i spásanna pobail sábháilte.

Tabhair achoimre ar chineál agus scóip na n-oibreacha:
Tabhair achoimre ar an ngá leis na hoibreacha agus ar an réasúnaíocht ina leith:
Conas mar a fheabhsóidh na hoibreacha seo sábháilteacht agus inrochtaineacht spásanna áineasa pobail faoin spéir i do cheantar áitiúil?
An mbeidh an Áit Áineasa Pobail ar oscailt don phobal gan gá le coinne a dhéanamh an t-am ar fad? Bheidh/Ní Bheidh. Conas mar a dhéanfar sin a éascú agus a thabhairt le fios?

Ar ceadaíodh iarratas i ndáil leis an tsaoráid seo faoi CLÁR le 3 bliana anuas? (Ceadaíodh/Níor Ceadaíodh)	
Má ceadaíodh, tabhair mionsonraí.	
An ndearnadh iarratas ar mhaoiniú don tionscadal seo chuig scéim nó clár ar bith eile roimhe seo? (Rinneadh/Ní dhearnadh)	
Má rinneadh, tabhair mionsonraí.	

Cúrsaí Airgeadais:

Costas Measta Iomlán an Tionscadail lena n-áirítear Táillí Riaracháin / Gairmiúla:	€
Costais Riaracháin / gné Táillí Gairmiúla (10% de Chostais Mheasta Iomlána an Tionscadail ar a mhéid)	€
An méid Maoinithe Meaitseála atá á chur ar fáil (10% de chostas iomlán measta an tionscadail ar a laghad)	€
An méid Maoinithe Clár atá á iarraidh: (90% ar a mhéid de chostais mheasta iomlána an tionscadail)	€

Lorgaítear Deimhniú Innealtóra Ceantair

Maidir le tograí tionscadail ar limistéir phoiblí / talamh faoi úinéireacht na Comhairle:

Pléadh an t-iarratas seo liom sular cuireadh ar aghaidh é chuig clar@galwaycoco.ie agus táim sásta go bhfuil gá leis na hoibreacha seo agus go bhfuil gach ceanglas reachtúil i bhfeidhm.	
---	--

Dearbhú Iarratasóra:

Deimhním go bhfuil mionsonraí an iarratais seo ceart agus:

- Go mbeidh Áit Áineasa Pobail ar oscailt don phobal gan gá le coinne a dhéanamh
- Go bhfuil an tionscadal lonnaithe i limistéar CLÁR
- Go bhfuil maoiniú meaitseála ar fáil agus curtha i leataobh don tionscadal
- Go bhfuil gach cead riachtanach i bhfeidhm
- Go bhfuil fianaise ar úinéireacht/teidlíocht curtha ar fáil

- Go bhfuil an tionscadal i gcomhréir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) agus le pleananna áitiúla nó réigiúnacha eile
- Nár leithdháileadh maoiniú don tionscadal céanna ó fhoinse ar bith eile

Sínithe ag: _____

Thar ceann an Ghrúpa Iarratasóra

Dáta: _____



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Breac-chuntas ar Bheart 2 Áiteanna Áineasa Pobail

Is ionann CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) agus clár infheistíochta spriocdhírthe do cheantair thuaithe a bhfuil mar aidhm leis maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bhonneagair bheaga i gceantair ina mbíonn míbhuntáiste. Is é atá mar aidhm le CLÁR tacú le forbairt inbhuanaithe cheantair shainaitheanta CLÁR trí dhaoine a mhealladh le cur fúthu agus dul ag obair iontu. Oibríonn an maoiniú i gcomhar le cláir mhaoinithe eile áitiúla/Gníomhaireachta agus Roinne agus ar bhonn tosaíochtaí arna sainaithint go háitiúil.

I gcomhthéacs thionchar COVID-19 ar phobail, breithneofar faoi CLÁR 2020 tacaíocht d'fheabhas a chur ar Áiteanna Áineasa Pobail atá ann cheana féin agus/nó chun Áiteanna Áineasa Pobail inrochtana nua a fhorbairt, áit ar féidir le daoine bualadh le chéile taobh amuigh i spásanna pobail sábháilte.

Cineálacha Idirghabhála

Faoin mbeart seo, tacófar le hidirghabhálacha caipitil éagsúla ar an gcoinníoll go gcuireann siad le feabhas a chur ar Áiteanna Áineasa Pobail atá ann cheana féin agus/nó le **hÁiteanna Áineasa Pobail inrochtana nua a fhorbairt, áit ar féidir le daoine bualadh le chéile taobh amuigh i spásanna pobail sábháilte**. Tugtar léiriú sna samplaí thíos ar na cineálacha idirghabhála a d'fhéadfaí tacú leo, ach ní liosta críochnaitheach é:

- Suíocháin agus Binsí Picnice Clúdaithe
- Áiteanna Beárbaiciú Clúdaithe
- Leithris agus Boscaí Bruscair Poiblí
- Páirceáil do Charranna agus do Rothair
- Ceangal Leictreachais Faoin Spéir
- Scáileán Pictiúrlainne Faoin Spéir, Ardán Banna Ceoil, Amfaitéatar, Clár Dubh
- Scairdeán Uisce le hÓl Faoin Spéir
- Spás Ranga Aclaíochta
- Athchóiriú ar Chúirteanna Liathróid Láimhe
- Tírdhreachú agus Leathnú Conaire lena mbaíneann

Ní mór achoimre shoiléir ar an ngá atá leis na hidirghabhálacha agus ar an réasúnaíocht atá leis na hidirghabhálacha atá curtha ar aghaidh a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Ní mór do gach tionscadal na prionsabail Ná Fág Do Lorg a thaispeáint agus daoine a spreagadh cloí leo. Féadfar costas na comharthaíochta iomchuí a chur san áireamh i gcostais fhoriomlána an tionscadail.

Iarratasóirí Incháilithe

Grúpaí Pobail, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Údaráis Áitiúla.

Costais Incháilithe

Is ceart a lua ar na hiarratais mionsonraí faoi na costais go léir a bhaineann leis an tionscadal beartaithe. Ní chuirtear san áireamh ach na nithe de chineál caipitil atá mar chuid lárnach den tionscadal agus iad sin amháin. Is ceart na costais riaracháin/táillí gairmiúla a bhaineann leis an tionscadal beartaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus beidh costais den sórt sin incháilithe suas go méid uasta de 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail.

Ráta Cúnaimh

Deontas íosta	€5,000
Deontas uasta	€50,000
Ráta deontais uasta	90% de chostas an tionscadail nó uasmhéid €50,000, pé acu is lú.
Ráta maoinithe meaitseála	Is ceart an 10% eile nó iarmhéid an chostais a sholáthar trí bhíthin an Údaráis Áitiúil/an phobail/acmhainní eile, agus is ceart ar a laghad 5% teacht ó ranníocaíocht in airgead tirim ón bPobal. Féadfar glacadh le ranníocaíochtaí daonchairdiúla mar chuid den chostas maoiniú meaitseála nó mar an gcostas maoiniú meaitseála iomlán.

Amlínte:

Seol iarratais chomhlánaithe chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ag clar@galwaycoco.ie	Dé Luain an 13 Iúil 2020 ag Meán Oíche
Iarratais a bhfuil tús áit tugtha dóibh le bheith curtha ar aghaidh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn	Faoin 28 Lúnasa 2020
Measúnú táscach agus cinntí Roinne, conarthaí eisithe	Faoi dheireadh Dheireadh Fómhair / tús mhí na Samhna 2020
Tionscadail tugtha chun críche agus an maoiniú tarraingthe anuas (mura bhfuil síneadh ceadaithe ag an Roinn i scríbhinn	Faoin 31 Lúnasa 2021

Critéir Mheasúnaithe:

Tabharfaidh an Chomhairle tús áite do 10 dTionscadal ar fud Bhearta 1 & 2 lena gcur ar aghaidh chuig an Roinn bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- Iarratas déanta ag Grúpa/Eagraíocht incháilithe atá lonnaithe i limistéar CLÁR
- Fianaise shoiléir tugtha go bhfuil gá ann dó agus an tionchar a bheith leagtha amach sa bhfoirm iarratais, i.e.
 - An gá atá leis an tionscadal agus an réasúnaíocht atá leis
 - Tionchar sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta agus an tairbhe a bhaineann le hoibreacha / tionscadal áineasa pobail
- Caighdeán agus soiléireacht na ndoiciméad tacaíochta, i.e.
 - fianaise go bhfuil gach ceadú riachtanach i bhfeidhm
 - fianaise go bhfuil maoiniú meaitseála i bhfeidhm, nuair is ábhartha
 - fianaise nuair is infheidhme, ar úinéireacht/teidlíocht a bheith i bhfeidhm nó go bhfuil cead sainráite faighte ón úinéir talún ar chomhad maidir le haon tionscadail lena mbaineann tinte a lasadh

- costais mheasta iomlána, lena n-áirítear costais riaracháin/táillí gairmiúla (níl soláthar de dhíth ag an bpointe seo)
- Tairbhe shoiléir shóisialta, i.e. saoráid oscailte don phobal gan gá le coinne
- Ábharthacht leis an PÁEP agus na pleananna forbartha eile agus breithniúcháin beartais eile

Agus iarratais á measúnú ag an Roinn lena moladh don Aire, glacfar roinnt cúinsí san áireamh, lena n-áirítear an t-ord tosaíochta táscach; réimse, meascán, cáilíocht, agus tionchar na dtionscadal beartaithe; maoiniú a fuarthas roimhe seo; agus cúinsí ábhartha eile.

Tionscadail a Sholáthar

Táthar ag súil go n-imreoidh an údarás áitiúil ról ceannasach maidir le go leor de na tionscadail a cheadóidh an Roinn a sholáthar. Mar sin féin, féadfar cead a thabhairt do na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFÁ) le comhaontú an ÚÁ agus na n-iarratasóirí pobail ábhartha, a bheith i gceannas ar chéim soláthair an tionscadail. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Roinn conradh go díreach leis an CFÁ agus ní leis an ÚÁ.

Socruithe maidir le Deontais a Íoc

Socruithe íocaíochta: i riaráiste 50% nuair a bheidh ar a laghad 50% den tionscadal tugtha chun críche, agus 50% nuair a bheidh an tionscadal tugtha chun críche go hiomlán.

Ní ceart don ÚÁ/CFÁ iarratais ar íocaíocht a tharraingt anuas a chur ar aghaidh chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail go dtí go mbeidh an costas tabhaithe ag an ÚÁ/CFÁ féin. Níl sé inghlactha iarratas ar tharraingt anuas a chur ar aghaidh chuig an Roinn sa chás go mbeidh sonraisc, etc. a chuir grúpaí pobail/conraitheoirí ar aghaidh chuig an ÚÁ/CFÁ fós gan íoc.



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Maoiniú CLÁR 2020 Measúnú Údaráis Áitiúil

Le bheith comhlánaithe ag an Údarás Áitiúil sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é:

Ainm an Tionscadail:	
Tosaíocht Tháscach arna tabhairt ag an ÚÁ (1-10):	
Duine Teagmhála:	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagais:	
Seoladh Ríomhphoist le haghaidh Comhfhreagais:	
Uimh. Theileafóin le haghaidh Comhfhreagais:	
An Chuideachta Forbartha Áitiúil a chuirfidh an tionscadal i gcrích go díreach (Is ea/Ní hea) Tabhair sonraí teagmhála, más infheidhme:	
Réasúnaíocht len é roghnú ag an ÚÁ, lena n-áirítear sonraí ón PÁEP, ag cloí le pleananna sráidbhailte/bailte áitiúla nó le pleananna forbartha eile, nuair is ábhartha:	
Deimhniú go bhfuil an t-iarratas ag cloí le ceanglais na Scéime ar fad, i.e. go bhfuil sé i limistéir Clár, go bhfuil maoiniú meaitseála ar fáil, go bhfuil úinéireacht/teidlíocht agus ceadúnais i bhfeidhm, nach bhfuil sé maoinithe faoi dhó.	

Sínithe ag: _____
Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Dáta: _____